Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

12661/23

LIMITE

MAMA 131
ENER 472
TU 4

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhpháirtíocht straitéiseach maidir le fuinneamh idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 7 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an Mheitheal um an Mhaisreic/an Mhaghraib (MaMa) ar an eolas go raibh sé ar intinn aige Meabhrán Tuisceana (MT) a chaibidil i ndáil le Comhpháirtíocht Straitéiseach maidir le Fuinneamh idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis (12624/23).

2. Is é is príomhchuspóir don Chomhpháirtíocht Straitéiseach cuidiú leis an Túinéis a spriocanna maidir le leictreachas in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh mar a fhoráiltear i Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta na Túinéise faoi Chomhaontú Pháras.

3. An 19 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an Mheitheal um Fhuinneamh ar an eolas faoin ábhar sin freisin.

4. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023, chomhaontaigh MaMa, ar a thaobh féin, leis an moladh ón gCoimisiún an Chomhpháirtíocht Straitéiseach atá beartaithe maidir le fuinneamh a chaibidil ar bhonn na dtásc a leagtar amach in 12624/23.

5. Tuigtear go gcoinneoidh an Coimisiún MaMa ar an eolas maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun formheas na Comhairle ar an gComhpháirtíocht Straitéiseach thar ceann an Aontais Eorpaigh a lorg.

6. Faoi réir a dhaingnithe ag Coiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, rún an Choimisiúin dul i mbun caibidlíochta maidir leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach maidir le fuinneamh idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis a fhormheas.

---

PUBLIC